Cúrsaí Turasóireachta in Éirinn

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chuairt leasuachtarán na Síne chun na tíre agus pleananna turasóireachta an rialtais. Sula bhféachann tú ar an mír, déan na ceisteanna thíos a phlé.

- Cad atá ar eolas agat faoi Naomh Pádraig?
- Cén fáth a bhféadfadh cuairt leasuachtarán na Síne tionchar a bheith aige ar thurasóireacht na tíre seo amach anseo, dar leat?

Ceist 2 Anois gan féachaint ar an mír go fóill déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na míreanna Béarla seo a leanas. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Ansin féach ar an mír anois agus féach an raibh an ceart agaibh.

Natural wonder _____

Campaign _____

Surge _____

Revival _____

Coverage _____

Widespread _____

Vice president _____

Celebration _____

Border _____

Economy _____

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht achoimre ghearr a scríobh le príomhphointí an scéil a léiriú. Cur do chuid oibre i gcomparáid le hobair an duine in aice leat.

Ceist 4 **a)** Scríobh nóta mínithe ar na gnéithe gramadaí thíos, atá le cloisteáil sa mhír nuachta.

Go hÉirinn

Ón tSín

Meáin **na Síne**

1.4 milliún **turasóir**

Table Mountain **na hAfraice Theas**

Líon **na gcuairteoirí**

b) Déan iarracht focail a aimsiú sa mhír a bhfuil an bhrí chéanna acu leis na focail thíos.

Mar gheall air _____

Ar fad _____

Le déanaí _____

An bhliain seo caite _____

De dhíth _____

An lá sin _____

Ceist 5 Luaitear roinnt áiteanna agus láithreacha cáiliúla ar fud an domhain sa mhír. Déan iarracht leagan Gaeilge na n-áiteanna thíos a aimsiú.

Liverpool _____

The Statue of Liberty _____

Mexico City _____

The Mediterranean _____

Edinburgh _____

Argentina _____

Croke Park _____

Ground Zero _____

Ceist 6 Pléigh an rún díospóireachta thíos

‘Caomhnaíonn agus cothaíonn lá fhéile Pádraig drochíomhá idirnáisiúnta na n-Éireannach’

Treoracha

Ceist 1 Rugadh Naomh Pádraig sa Bhreatain Bheag ach tugadh go hÉirinn mar sclábhaí é. D'éalaigh sé tar éis sé bliana ach d'fhill sé ar Éirinn tar éis dó Glór na nGael a chloisteáil. Scaip sé an Caitliceachas in Éirinn agus is é éarlamh na hÉireann é.

Mar gheall go bhfuil meáin chumarsáide na Síne ag déanamh scéal mór den chuairt, beidh mórionaid thurasóireachta na hÉireann le feiceáil acu ar a gcuid teilifíseán, agus ardófar stádas na tíre seo sa tSín.

Ceist 2

Natural wonder	Móriontas Nádúrtha
Campaign	Feachtas
Surge	Borradh
Revival	Athbheochan
Coverage	Clúdach
Widespread	Forleathan
Vice-president	Leasuachtarán
Celebration	Ceiliúradh
Border	Teorainn
Economy	Geilleagar

Ceist 3 Ní mór don dalta achoimre gearr a scríobh lena dtuiscint ar phríomhphointí an scéil a léiriú.

Ceist 4

Go hÉirinn: réamhfhocal simplí a leanann an Tuiseal Tabharthach é. Is í an fhoirm sa Tuiseal Tabharthach den bhfocal 'Éire' ná 'Éirinn'. Cuirtear an réamhlitir 'h' i ndiaidh 'go' chomh maith le focail dár tús guta.

Ón tSín: Ó (réamhfhocal simplí) + an (an t-alt): Ón (forainm réamhfhoclach). Ní chuirtear an réamhlitir 't' roimh 's' ag tús ainmfhocal baininscneach ar ceal sa Tuiseal Tabharthach.

Meáin **na Síne:** Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, bíonn an dara hainmfhocal sa tuiseal ginideach. (An tSín: Ainmfhocal baininscneach sa dara díochlaonadh)

1.4 milliún **turasóir:** Fanann an t-ainmfhocal san uimhir uatha gan athrú tar éis iolra de dheich ar bith, .i. fiche turasóir, míle seacht gcéad tríocha turasóir.

Table Mountain **Na hAfraice Theas:** Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, bíonn an dara hainmfhocal sa tuiseal ginideach. (An Afraic Theas: Ainmfhocal baininscneach sa dara díochlaonadh)

Líon **na gcuairteoirí:** Cainníocht atá i gceist agus mar sin leanann an tuiseal ginideach focail a chuireann méid in iúl .i. roinnt, scata, beagán, easpa srl. Ginideach iolra atá i gceist agus is tréaniolra atá san fhocal 'cuairteoirí'.

b) Déan iarracht focail a aimsiú sa mhír a bhfuil an bhrí chéanna acu leis na bhfocail thíos.

Mar gheall air	De bharr
Ar fad	Go léir
Le déanaí	Le laethanta beaga anuas
An bhliain seo caite	Anuraidh
De dhíth	Ag teastáil
An lá sin	An lá úd

Ceist 5

Liverpool	Learpholl
The Statue of Liberty	Dealbh na Saoirse
Mexico City	Cathair Mheicsiceó
The Mediterranean	An Mheánmhuir
Edinburgh	Dún Éideann
Argentina	An Airgintín
Croke Park	Páirc an Chrócaigh
Ground Zero	Ball Sprice

Ceist 6 Is féidir an rún seo a phlé i bhfoirm dhíospóireacht ranga nó i ngrúpaí beaga má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Beidh dath glas le feiceáil ar chuid de mhóriontais nádúrtha an domhain ar lá l' Pádraig[1] na bliana seo, mar chuid de fheachtas[2] Tourism Ireland borradh a chur faoi chúrsaí turasóireachta sa tír. Cé nach mbeidh balla mór na Síne ina measc, ní shin le rá nach dtiocfaidh ardú ar líon na gcuairteoirí as an tír sin de bharr an aird a tharraing cuairt leasuachtarán na Síne ar an tír le cúpla lá anuas.

Ruairí Mac an Iomaire

Tá cúrsaí turasóireachta mar chuid lárnach de phleananna athbheochana an Rialtais do gheilleagar na tíre seo agus súil acu go méadóidh an líon turasóirí a mheallfar go hÉirinn ón tSín go mór, de bharr an clúdach[3] go léir atá faighte ag cuairt leasuachtaráin na Síne, Xi Jingping, chun na tíre seo le laethanta beaga anuas.

Tá clúdach forleathan déanta ag meáin na Síne ar chuairt an leasuachtaráin agus íomhánna de chultúr agus de mhórionaid thurasóireachta[4] na tíre seo craolta ó cheann ceann na tíre sin. Mealladh 7.4 milliún turasóir ó thar lear go hÉirinn anuraidh agus b'fhiú breis is 3 billiún go leith euro do gheilleagar na tíre seo iad. Tá súil cur leis an líon sin i mbliana. Tá an tSín ar cheann de na tíortha atá clúdaithe ag clár víosa speisialta a sheol an Rialtas anuraidh, rud a chiallódh nach mbeadh víosa bhreise[5] ag teastáil uathu[6] cuairt a thabhairt ar Éirinn dá mbeadh víosa faighte cheana féin acu[7] le taisteal chun na Ríochta Aontaithe, rud a d'fhéadfadh breis cuairteoirí a mhealladh anseo le linn na gCluichí Oilimpeacha i Londain sa samhradh.

Mar chuid freisin don chur[8] chuige úd tá pleananna fógartha ag Tourism Ireland inniu leis an gceiliúradh is mó a rinneadh[9] riamh ó cheann ceann na cruinne a dhéanamh i mbliana ar Lá Fhéile Pádraig. Mar chuid de na pleananna sin, beidh dath glas le feiceáil ar chuid de mhóriontais nádúrtha an domhain ar an lá úd, ar nós Easanna Niagra ar theorainn Mheiriceá agus Cheanada, agus Table Mountain na hAfraice Theas, chomh maith le bheith le feiceáil ar chuid d'fhoirgnimh mhóra an domhain; leithéidí an Empire State i Nua Eabhrac, an London Eye, agus ar an túr teilifíse i mBerlin.

Ruairí Mac an Iomaire, Nuacht TG4.

---

[1] Giorrúchán é an 'l' seo ar 'Fhéile'
[2] *D'fheachtas* is cirte anseo
[3] *An chlúdaigh* is cirte anseo
[4] *Ionaid turasóireachta* a deirtear
[5] '*Víosa breise'* a deirtear
[6] *Ó dhuine ón tSín* nó a leithéid, is cirte anseo
[7] Féach fonóta a 6
[8] '*Don gcur'* a deirtear
[9] Deineadh a deirtear.